2026/1512

14.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1512 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Iúil 2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/394 a mhéid a bhaineann le foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha chun críocha na faisnéise a chuireann taisclanna lárnacha urrús (TLUnna) ar fáil le haghaidh an phróisis chun athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar thaisclanna lárnacha urrús

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 22(11) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/2845 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leasaíodh, *inter alia*, Airteagal 22(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 chun ceanglas nua a thabhairt isteach ar údaráis inniúla athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar na socruithe, ar na straitéisí, ar na próisis agus ar na sásraí a chuireann taisclann lárnach urrús (TLU) i bhfeidhm gach 3 bliana ar a laghad. Chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, d'fhéadfadh sé go dteastódh cuid den fhaisnéis nó an fhaisnéis uile is gá ó údaráis inniúla chun an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht sin a sholáthar níos minice chun a áirithiú go bhfuil faisnéis leordhóthanach acu ar bhonn leanúnach chun a maoirseacht leanúnach a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a cheangal go soláthrófaí faisnéis áirithe ar bhonn níos minice ná an bonn atá bunaithe faoi láthair chun an próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta a dhéanamh.

(2) Ós rud é gur gá do TLU na coinníollacha maidir le húdarú a chomhlíonadh i gcónaí, tá sé fíor-riachtanach dlúthfhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an TLU maidir le haghaidh a thabhairt ar aon toradh agus moladh ó údaráis inniúla nach bhfuil curtha i gcrích fós. Léiríonn na torthaí agus na moltaí sin laigí áirithe de chuid an TLU agus d'fhéadfadh sé go méadófaí na rioscaí go dtiocfadh laigí den sórt sin chun cinn mar gheall ar iad a bheith ann ar feadh i bhfad. Dá bhrí sin, ba cheart do TLUnna a n-údaráis inniúla a chur ar an eolas faoi bhearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí agus na moltaí sin nach bhfuil curtha i gcrích fós ar bhonn bliantúil ar a laghad, fiú más rud é go ndéantar an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht gach 3 bliana ar a laghad.

(3) Ar bhonn na taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme an phróisis athbhreithnithe agus meastóireachta ar feadh roinnt blianta, is gá síneadh a chur leis an sprioc-am d'údaráis inniúla chun torthaí an athbhreithnithe agus na meastóireachta a tharchur chuig údaráis éagsúla eile ó 3 lá oibre go 10 lá oibre chun go mbeidh próisis níos rianúla ann, go háirithe ós rud é gur gá torthaí an phróisis athbhreithnithe agus meastóireachta a chomhroinnt le raon níos leithne údarás, i gcomhréir leis na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2023/2845.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/909/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/2845 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le haraíonacht socraíochta, soláthar trasteorann seirbhísí, comhar maoirseachta, soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta agus ceanglais maidir le taisclanna lárnacha urrús tríú tír agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L, 2023/2845, 27.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2845/oj).

(4) Chun na leasuithe ar Airteagail 40, 41 agus 42 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ón gCoimisiún ([3]) a léiriú agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht an phróisis athbhreithnithe agus meastóireachta, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/394 ón gCoimisiún ([4]) a leasú dá réir.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/394 a leasú dá réir sin.

(6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

(7) Rinne ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí féideartha lena mbaineann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/394

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/394 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 3 agus 4:

'*Airteagal 3*

Nós imeachta chun faisnéis a sholáthar

1. Cuirfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis seo a leanas in iúl do TLU, agus do na húdaráis ábhartha, do ESMA agus, i gcás inarb infheidhme, don choláiste dá dtagraítear in Airteagal 24a de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus don údarás dá dtagraítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE:

(a) minicíocht agus doimhneacht an athbhreithnithe agus na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(b) dáta tosaigh agus dáta deiridh na tréimhse athbhreithniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 40 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392;

(c) an teanga ina gcuirfear an fhaisnéis uile isteach;

(d) minicíocht seachadta aon fhaisnéise nó na faisnéise uile dá dtagraítear in Airteagal 40 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 chun críoch an athbhreithnithe agus na meastóireachta.

Chun críocha phointe (c), féadfaidh an t-údarás inniúil a iarraidh ar an TLU an fhaisnéis chéanna a chur isteach i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais údarúcháin, mhaoirseachta agus oibríochtúla le haghaidh taisclanna lárnacha urrús (IO L 65, 10.3.2017, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/392/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/394 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2016 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha maidir le taisclanna lárnacha urrús a údarú, a athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh orthu, maidir leis an gcomhar idir údaráis an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh, maidir le comhairliúchán leis na húdaráis a bhfuil baint acu leis an údarú chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar, maidir le rochtain lena mbaineann taisclanna lárnacha urrús, agus maidir le formáid na dtaifead atá le coinneáil ag taisclanna lárnacha urrús i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 65, 10.3.2017, lch. 145, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/394/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

Cuirfidh an t-údarás inniúil in iúl do TLU, do na húdaráis ábhartha, do ESMA agus, i gcás inarb infheidhme, don choláiste dá dtagraítear in Airteagal 24a de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus don údarás dá dtagraítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE, aon athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, lena n-áirítear an iarraidh ar fhaisnéis shonrach a chur isteach níos minice, gan moill mhíchuí.

2. Mura gcuirtear a mhalairt in iúl faoi mhír 1, pointe (d), den Airteagal seo, soláthróidh TLU an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 40(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 laistigh de 2 mhí tar éis dheireadh na tréimhse athbhreithniúcháin.

Airteagal 4

Soláthar faisnéise faoi Airteagal 22(7) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014

1. Tar éis don údarás inniúil an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht a chur i gcrích, cuirfidh sé a thorthaí in iúl laistigh de 10 lá oibre do na húdaráis ábhartha, do ESMA agus, i gcás inarb infheidhme, don choláiste dá dtagraítear in Airteagal 24a de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus don údarás dá dtagraítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE, mar a shonraítear in Airteagal 44 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392.

2. I gcás ina n-eascróidh gníomhaíocht cheartaitheach nó pionós ón athbhreithniú agus ón meastóireacht, cuirfidh an t-údarás inniúil na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 ar an eolas laistigh de 10 lá oibre tar éis an beart sin a ghlacadh.;'

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Laistigh de 10 lá oibre tar éis an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a chur i gcrích, de réir mar a bheidh fógra tugtha ag an údarás inniúil do na húdaráis inniúla a áirítear sa liosta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cuirfidh an t-údarás inniúil a thorthaí in iúl do na húdaráis inniúla sin mar a shonraítear in Airteagal 45(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392.';

(3) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN II

Teimpléid chun faisnéis a chur isteach le haghaidh an athbhreithnithe agus na measúireachta

(Airteagal 22(11) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014)

Tábla 1

Faisnéis ghinearálta atá le soláthar ag TLU

Uimh.	An cineál faisnéise	Formáid
1	An dáta a chuirfear an fhaisnéis isteach	Dáta ISO 8601 i bhformáid BBBB-MM-LL
2	Dáta an athbhreithnithe agus na measúireachta is déanaí	Dáta ISO 8601 i bhformáid BBBB-MM-LL
3	Ainm cuideachta an TLU	Téacs saor
4	Aitheantas an TLU	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) ISO 17442, cód in bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúil a áirítear le sonraí LEI mar a fhoilsíonn Fondúireacht Dhomhanda LEI iad. Déanfar LEI a athnuachan go cuí i gcomhréir le téarmaí aon cheann d'Aonaid Oibriúcháin Áitiúla chreidiúnaithe an Chórais Dhomhanda Aitheantóirí Eintiteas Dlítheanach.
5	Seoladh dlíthiúil an TLU	Téacs saor
6	Córais socraíochta urrús arna n-oibriú ag an TLU	Téacs saor
7	Sonraí teagmhála an duine atá freagrach as an bpróiseas athbhreithnithe agus measúireachta (ainm, feidhm, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist)	Téacs saor
8	Sonraí teagmhála na ndaoine atá freagrach as rialú inmheánach agus feidhm chomhlíontachta an TLU (ainm, feidhm, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist)	Téacs saor
9	Liosta de na doiciméid uile arna soláthar ag an TLU a bhfuil uimhreacha tagartha uathúla acu	Téacs saor
10	Tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an TLU maidir leis an tréimhse athbhreithniúcháin ábhartha agus na hathruithe substainteacha dá dtagraítear in Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, arna ndéanamh le linn na tréimhse athbhreithniúcháin agus na doiciméid ghaolmhara uile; áireofar an méid seo a leanas sa tuarascáil: (a) forbhreathnú ar na hathruithe a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin i ndáil leis an méid seo a leanas: (i) seirbhísí lárnacha agus coimhdeacha an TLU a sholáthar, de réir na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ina Bhallstát baile, agus de réir mar is infheidhme i mBallstáit eile agus i dtríú tíortha; (ii) rialachas corparáideach agus struchtúr eagraíochtúil an TLU lena n-áirítear an líon fostaithe arna shloinneadh i líon na gcoibhéisí lánaimseartha;	Doiciméad ar leithligh

Uimh.	An cineál faisnéise	Formáid
	(iii) an creat bainistithe riosca agus na torthaí ó mheasúnuithe riosca arna ndéanamh ag an TLU i ndáil le rioscaí dlíthiúla, gnó, oibríochtúla agus rioscaí díreacha nó indíreacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, lena léirítear meastóireacht leanúnach ar réimse athraitheach na rioscaí atá rompu; (iv) seachfhoinsiú seirbhísí agus gníomhaíochtaí ag an TLU faoi Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014; (b) achoimre ardleibhéil ar ghníomhaíochtaí an choiste úsáideoirí dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, le linn na tréimhse athbhreithniúcháin, lena n-áirítear an líon cruinnithe, comhairle agus tuairimí a tugadh, lena léirítear a dtopaicí agus lena sainaithnítear na cinn nár lean comhlacht bainistíochta an TLU, más ann dóibh; (c) an liosta d'athruithe substainteacha dá dtagraítear in Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a rinneadh le linn na tréimhse athbhreithniúcháin, lena n-áirítear aon cheann de na teagmhais seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: (i) athruithe ar struchtúr an ghrúpa lena mbaineann an TLU, an bhainistíocht shinsearach, an comhlacht bainistíochta agus na scairshealbhóirí de bhun Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014; (ii) síneadh a chur le gníomhaíocht nó seirbhís atá ann cheana seachas i gcomhthéacs Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, i gcás ina mbeadh gá leis an tuairisc ar sheirbhísí dá dtagraítear i bpointí (l) go (p) d'Airteagal 4(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 a leasú; (iii) seirbhís TLU a fhoirceannadh; (iv) deireadh a chur le nasc idir TLUnna, gan beann ar cé acu an TLU is iarrthóir nó an TLU is faighteoir é; (v) athrú ar chreat bainistithe riosca an TLU a mbeidh tionchar aige ar ríomh na gceanglas caipitil faoi Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014; (d) dearbhú maidir le comhlíonadh foriomlán fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 le linn na tréimhse athbhreithniúcháin.	

Tábla 2

Faisnéis thréimhsiúil atá ábhartha maidir le gach athbhreithniú agus meastóireacht

Pointe	An cineál faisnéise	Uimhir thagartha uathúil an doiciméid ina n-áirítear an fhaisnéis
a	Sraith iomlán de ráitis airgeadais iniúchta is deireanaí de chuid an TLU, lena n-áirítear iad siúd a chomhdhlúthaítear ar leibhéal grúpa	
b	Leagan achoimrithe de na ráitis airgeadais eatramhacha is deireanaí de chuid an TLU	

Pointe	An cineál faisnéise	Uimhir thagartha uathúil an doiciméid ina n-áirítear an fhaisnéis
c	Aon chinneadh ón gcomhlacht bainistíochta lena leantar comhairle an choiste úsáideoirí, chomh maith le haon chinneadh inar chinn an comhlacht bainistíochta gan comhairle an choiste úsáideoirí a leanúint	
d	Faisnéis maidir le haon imeacht sibhialta, aon chaingean riaracháin nó aon imeacht breithiúnach nó seachbhreithiúnach eile atá ar feitheamh lena mbaineann an TLU, go háirithe i ndáil le hábhair a bhaineann le cáin agus dócmhainneacht, nó ábhair a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le costais airgeadais nó costais chlú don TLU	
e	Faisnéis maidir le haon imeacht sibhialta, aon chaingean riaracháin nó aon imeacht breithiúnach nó seachbhreithiúnach eile atá ar feitheamh lena mbaineann comhalta den chomhlacht bainistíochta nó comhalta den bhainistíocht shinsearach a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar an TLU	
f	Aon chinneadh críochnaitheach mar thoradh ar na himeachtaí dá dtagraítear i bpointí (d) agus (e)	
g	Cóip de thorthaí na dtástálacha struis leanúnachais gnó nó cleachtaí comhchosúla a rinneadh le linn na tréimhse athbhreithniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79 agus de thorthaí na n-athbhreithnithe iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 76(1), pointe (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392	
h	Tuarascáil ar na teagmhais oibríochtúla a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin agus a rinne difear d'aon chroísheirbhís a sholáthar go rianúil, faisnéis maidir le haicmiú na dteagmhas sin, na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt orthu agus torthaí na dteagmhas sin dá dtagraítear in Airteagal 71(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392	
i	Tuarascáil maidir le cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar cuspóirí iontaofachta oibríochtúla arna mbunú ag an TLU, lena n-áirítear cuspóirí feidhmíochta oibríochtúla agus spriocanna tiomanta ar leibhéal seirbhíse le haghaidh a sheirbhísí agus a chóras socraíochta urrús, dá dtagraítear in Airteagal 70(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392, lena n-áirítear faisnéis maidir le gníomhaíochtaí an TLU chun faireachán, measúnú agus tuairisciú tráthrialta a dhéanamh orthu dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 d'Airteagal 70 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392, agus measúnú ar infhaighteacht an chórais le linn na tréimhse athbhreithniúcháin, arna tomhas ar bhonn laethúil mar an céatadán ama a bhfuil an córas oibríochtúil agus ag feidhmiú lena linn de réir na bparaiméadar a comhaontaíodh; chun na críche sin, féadfaidh TLUnna a úsáideann comhbhonneagar socraíochta sleachta a sholáthar as na tuarascálacha a chuirtear ar fáil faoin gcreat dlíthiúil, rialála agus oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(5) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014	
j	Achoimre ar na cineálacha idirghabhála de láimh a rinne an TLU sa phróiseas socraíochta uathoibrithe i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún ([1])	

Pointe	An cineál faisnéise	Uimhir thagartha uathúil an doiciméid ina n-áirítear an fhaisnéis
k	Na pleananna maidir le téarnamh agus foirceannadh ordúil agus go háirithe faisnéis i dtaca le haon athrú mór ar a phleananna maidir le téarnamh agus foirceannadh ordúil agus, de réir mar is infheidhme, aon athrú mór ar a phlean réitigh, dá dtagraítear in Airteagal 22a de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin	
l	Faisnéis faoi aon ghearán foirmiúil a fuair an TLU le linn na tréimhse athbhreithniúcháin lena n-áirítear faisnéis faoi na nithe seo a leanas: (i) cineál an ghearáin; (ii) an chaoi ar láimhseáladh an gearán, lena n-áirítear toradh an ghearáin; agus (iii) an dáta a tháinig deireadh le láimhseáil an ghearáin.	
m	Faisnéis maidir leis na cásanna inar dhiúltaigh an TLU rochtain ar a seirbhísí d'aon rannpháirtí atá ann cheana nó d'aon rannpháirtí féideartha, d'aon eisitheoir, do TLU eile nó do bhonneagar margaidh eile	
n	Tuarascáil ar na hathruithe móra a dhéanann difear d'aon nasc idir TLUnna arna mbunú ag an TLU a bhfuil tionchar acu ar na ceanglais dá dtagraítear i gCaibidil XII de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392, lena n-áirítear athruithe ar an gcineál naisc idir TLUnna agus ar na sásraí agus na nósanna imeachta a úsáidtear le haghaidh socraíochta sna naisc sin idir TLUnna	
o	Faisnéis a bhaineann leis na cásanna uile ina bhfuil coinbhleachtaí leasa sainaitheanta a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin, lena n-áirítear an tuairisc ar an gcaoi ar déileáladh leo	
p	Faisnéis a bhaineann le rialuithe inmheánacha agus iniúchtaí arna ndéanamh ag an TLU le linn na tréimhse athbhreithniúcháin, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an iniúchadh ar chreat agus córais bainistithe riosca oibriúcháin an TLU dá dtagraítear in Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagal 73(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 chomh maith le hiniúchtaí tráthrialta agus neamhspleácha ar an TLU dá dtagraítear in Airteagal 26(6) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagail 51 agus 52(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392	
q	Faisnéis a bhaineann le haon sárú sainaitheanta ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, lena n-áirítear iad siúd a shainaithnítear tríd an mbealach tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 26(5) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014	
r	Faisnéis mhionsonraithe maidir le haon bheart araíonachta a rinne an TLU le linn na tréimhse athbhreithniúcháin, lena n-áirítear aon chás inar cuireadh na rannpháirtithe ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 7(7) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 le sonraíocht na tréimhse fionraí agus an chúis leis an bhfionraí	
s	Straitéis ghinearálta ghnó an TLU agus plean gnó mionsonraithe le haghaidh na seirbhísí a sholáthraíonn an TLU lena gcumhdaítear an chéad tréimhse athbhreithniúcháin eile ar a laghad	

Pointe	An cineál faisnéise	Uimhir thagartha uathúil an doiciméid ina n-áirítear an fhaisnéis
t	Faisnéis faoi athruithe a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin ar an mbainistiú a dhéanann an TLU ar riosca dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagal 31 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392	
u	Faisnéis faoi athruithe ar chórais bainistithe agus rialaithe riosca an TLU agus ar na huirlisí TF arna gcur ar bun ag an TLU chun riosca gnó a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 32(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392, a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin	
v	I gcás ina bhfuair an TLU rátáil riosca ó thríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392, faisnéis faoi aon athrú sa rátáil riosca a fuair an TLU ó thríú páirtí le linn na tréimhse athbhreithniúcháin, lena n-áirítear aon fhaisnéis ábhartha a thacaíonn leis an rátáil riosca sin	
w	Faisnéis faoi athruithe a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin ar bhainistiú seirbhísí nó gníomhaíochtaí an TLU a seachfhoinsíodh chuig tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, lena n-áirítear comhroinnt foirne de bhun Airteagal 49 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392, agus ar na modhanna a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal seirbhíse na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí eisfhoinsithe dá dtagraítear in Airteagal 33(2) den rialachán céanna	
x	Tuarascáil ar athruithe a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin ar thomhas, faireachán agus bainistiú na rioscaí creidmheasa agus leachtachta a eascraíonn as glansocraíocht iarchurtha a úsáid dá dtagraítear in Airteagal 47a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014	
y	Faisnéis faoi na gníomhaíochtaí a rinne TLU le linn na tréimhse athbhreithniúcháin chun athbhreithniú a dhéanamh ar a chuspóirí oibríochtúla chun forbairtí nua teicneolaíochta agus gnó dá dtagraítear in Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagal 70(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 a chur san áireamh	
z	Faisnéis faoi mheasúnú an TLU ar an riosca oibriúcháin a bhí roimh an TLU le linn na tréimhse athbhreithniúcháin, ar bhonn leanúnach, trí thuairisciú tráthrialta a sholáthar don bhainistíocht shinsearach ar neamhchosaintí ar riosca oibriúcháin agus caillteanais a tharla mar gheall ar rioscaí oibriúcháin (lena n-áirítear na rioscaí oibriúcháin a bheidh roimh an TLU mar gheall ar phríomh-rannpháirtithe), agus nósanna imeachta a leanadh le linn na tréimhse athbhreithniúcháin chun na neamhchosaintí agus na caillteanais sin a mhaolú dá dtagraítear in Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagail 66(2), 67(4) agus 71(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392	
aa	Faisnéis faoi thoradh thástálacha agus athbhreithnithe an TLU ar a shocruithe, beartais agus nósanna imeachta oibríochtúla le húsáideoirí, dá dtagraítear in Airteagal 73(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392, a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin	

Pointe	An cineál faisnéise	Uimhir thagartha uathúil an doiciméid ina n-áirítear an fhaisnéis
ab	Faisnéis faoi nuashonruithe ar mheasúnú tionchair gnó agus anailís riosca an TLU le linn na tréimhse athbhreithniúcháin, a eascraíonn óna athbhreithniú bliantúil nó ó aon athbhreithniú *ad hoc* tar éis teagmhas ábhartha nó athruithe móra oibríochtúla agus na forbairtí ábhartha uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear forbairtí margaidh agus TF dá dtagraítear in Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagal 77(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392	
ac	Faisnéis faoi fhorbairtí a tharla i ndáil le bearta an TLU chun teipeanna socraíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu dá dtagraítear in Airteagail 6(3) agus (4) agus 7(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus in Airteagail 4 go 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229	
ad	Faisnéis faoi thoradh na tástála a rinne an TLU ar a rialacha agus nósanna imeachta maidir le mainneachtain rannpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 41(3) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin	
ae	Faisnéis faoi athbhreithniú nó nuashonrú ar bheartas leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste an TLU dá dtagraítear faoi Airteagal 80 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 a tharla le linn na tréimhse athbhreithniúcháin	
af	Faisnéis faoi na bearta nó na huirlisí a d'úsáid an TLU le linn na tréimhse athbhreithniúcháin chun coinníoll a leagan síos go ndéantar urrúis a sheachadadh maidir leis an ngné airgid a oibrítear lasmuigh dá chóras le haghaidh treoracha socraíochta "saor ó íocaíocht", más ann dóibh	
ag	faisnéis faoin dul chun cinn atá bainte amach ag an TLU maidir le haghaidh a thabhairt ar na torthaí agus na moltaí nach bhfuil curtha i gcrích fós a leagadh amach san údarú nó in athbhreithnithe agus meastóireachtaí a rinneadh roimhe sin ar an TLU i gcomhréir le hAirteagal 22(9) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014	

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla ar araonaíocht socraíochta (IO L 230, 13.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2018/1229/oj).

Tábla 3

Sonraí staidrimh

Pointe	Cineál sonraí	Formáid
a	Liosta de rannpháirtithe gach córais socraíochta urrús arna n-oibriú ag an TLU, ina sonrófar an méid seo a leanas: — a dtír chorpraithe; — a gcód LEI; — a n-ainm cuideachta.	I gcás gach rannpháirtí: — ISO 3166 cód tíre 2 charachtar — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) ISO 17442, cód in bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúil a áirítear le sonraí LEI mar a fhoilsíonn Fondúireacht Dhomhanda LEI iad. Déanfar LEI a athnuachan go cuí i gcomhréir le téarmaí aon cheann d'Aonaid Oibriúcháin Áitiúla chreidiúnaithe an Chórais Dhomhanda Aitheantóirí Eintiteas Dlítheanach. — Ainm cuideachta

Pointe	Cineál sonraí	Formáid
b	Liosta eisitheoirí dá soláthraíonn an TLU an tseirbhís dá dtagraítear i bpointe (1) de Roinn A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ina sonraítear an méid seo a leanas: — a dtír chorpraithe; — a gcód LEI; — a n-ainm cuideachta.	I gcás gach eisitheora: — ISO 3166 cód tíre 2 charachtar — Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) ISO 17442, cód in bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúil a áirítear le sonraí LEI mar a fhoilsíonn Fondúireacht Dhomhanda LEI iad. Déanfar LEI a athnuachan go cuí i gcomhréir le téarmaí aon cheann d'Aonaid Oibriúcháin Áitiúla chreidiúnaithe an Chórais Dhomhanda Aitheantóirí Eintiteas Dlítheanach. — Ainm cuideachta
ba	Liosta na n-eisiúintí urrús a taifeadadh i gcuntais urrús a choinnítear ar bun go lárnach i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag an TLU, ina sonrófar an méid seo a leanas: — cód ISIN na n-urrús — tír chorpraithe an eisitheora — tír an dlí chorparáidigh rialaithe nó dlí den sórt sin faoina n-eisítear na hurrúis — cód LEI an eisitheora agus — ainm cuideachta an eisitheora	I gcás gach eisiúna urrús: — ISO 6166 ISIN cód ina bhfuil 12 charachtar alfa-uimhriúla — ISO 3166 cód tíre 2 charachtar an eisitheora — ISO 3166 cód tíre 2 charachtar dhlí rialaithe na n-urrús — ISO 17442 Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), cód ina bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúil an eisitheora — Ainm cuideachta an eisitheora
bb	Liosta na n-eisiúintí urrús a taifeadadh i gcuntais urrús nach gcoinnítear ar bun go lárnach i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag an TLU, ina sonrófar an méid seo a leanas: — cód ISIN na n-urrús — tír chorpraithe an eisitheora — cód LEI an eisitheora agus — ainm cuideachta an eisitheora	I gcás gach eisiúna urrús: — ISO 6166 ISIN cód ina bhfuil 12 charachtar alfa-uimhriúla — ISO 3166 cód tíre 2 charachtar an eisitheora — ISO 17442 Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), cód ina bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúil an eisitheora — Ainm cuideachta an eisitheora
c	Margadhluach iomlán agus luach ainmniúil iomlán na n-urrús a taifeadadh i gcuntais urrús a choinnítear ar bun go lárnach agus nach gcoinnítear ar bun i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag an TLU	Luach ainmniúil na n-urrús: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é. Margadhluach na n-urrús: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é.
d	Luach ainmniúil agus margadhluach na n-urrús dá dtagraítear i bpointe (c) a roinntear mar a leanas: (i) de réir chineál na n-ionstraimí airgeadais, mar a leanas: (1) urrúis inaistrithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (44)(a), de Threoir 2014/65/AE; (2) fiachas ceannasach dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (61), de Threoir 2014/65/AE;	I gcás gach cineáil ionstraime airgeadais: (i) SHRS (nó cóid níos mionsonraithe arna soláthar ag an TLU) — urrúis inaistrithe dá dtagraítear inAirteagal 4(1), pointe (44)(a), de Threoir 2014/65/AE (ii) SOVR (nó cóid níos mionsonraithe arna soláthar ag an TLU) — fiachas ceannasach dá dtagraítear inAirteagal 4(1), pointe (61), de Threoir 2014/65/AE;

Pointe	Cineál sonraí	Formáid
	(3) urrúis inaistrithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (44)(b), de Threoir 2014/65/AE, seachas fiachas ceannasach a luaitear faoi phointe (2) thuas; (4) urrúis inaistrithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (44)(c), de Threoir 2014/65/AE; (5) cistí arna dtrádáil ar an malartán (ETFanna) dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (46), de Threoir 2014/65/AE; (6) aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta, seachas ETFanna; (7) ionstraimí margaidh airgid, seachas fiachas ceannasach a luaitear faoi phointe (2) thuas; (8) lamháltais astaíochtaí; (9) Ionstraimí airgeadais eile; (ii) de réir thír chorpraithe an rannpháirtí dá soláthraítear na seirbhísí; (iii) de réir thír chorpraithe a n-eisitheora; (iv) de réir thír an dlí chorparáidigh rialaithe nó dlí den sórt sin faoina n-eisítear iad.	(iii) DEBT (nó cóid níos mionsonraithe arna soláthar ag an TLU) — urrúis inaistrithe dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (44)(b), de Threoir 2014/65/AE, seachas iad siúd a luaitear faoi phointe (ii); (iv) SECU (nó cóid níos mionsonraithe arna soláthar ag an TLU) — urrúis inaistrithe dá dtagraítear inAirteagal 4(1), pointe (44)(c), de Threoir 2014/65/AE; (v) ETFanna (nó cóid níos mionsonraithe arna soláthar ag an TLU) — cistí arna dtrádáil ar an malartán (ETFanna); (vi) UCIT (nó cóid níos mionsonraithe arna soláthar ag an TLU) — aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta, seachas ETFanna; (vii) MMKT (nó cóid níos mionsonraithe arna soláthar ag an TLU) — ionstraimí margaidh airgid, seachas iad siúd a luaitear faoi phointe (ii); (viii) EMAL (nó cóid níos mionsonraithe arna soláthar ag an TLU) —lamháltais astaíochtaí; (ix) OTHR (nó cóid níos mionsonraithe arna soláthar ag an TLU) — eile de réir thír ionchorpraithe an rannpháirtí (ISO 3166 cód tíre 2 charachtar)/thír chorpraithe an eisitheora (ISO 3166 cód tíre 2 charachtar)/thír an dlí rialaithe (ISO 3166 cód tíre 2 charachtar): Luach ainmniúil na n-urrús: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é. Margadhluach na n-urrús: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é.
e	Luach ainmniúil agus margadhluach na n-urrús a taifeadadh ar dtús i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag an TLU	Luach ainmniúil na n-urrús: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é. Margadhluach na n-urrús: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é.

Pointe	Cineál sonraí	Formáid
f	Luach ainmniúil agus margadhluach na n-urrús dá dtagraítear i bpointe (e) thuas a roinntear mar a leanas: (i) de réir cineálacha ionstraimí airgeadais; (ii) de réir thír chorpraithe an rannpháirtí; (iii) de réir thír chorpraithe an eisitheora. (iv) de réir thír an dlí chorparáidigh rialaithe nó dlí den sórt sin faoina n-eisítear iad.	I gcás gach cineáil ionstraime airgeadais (dá dtagraítear i bpointe (d) thuas / tír chorpraithe an rannpháirtí (ISO 3166 cód tíre 2 charachtar) / tír chorpraithe an eisitheora (ISO 3166 cód tíre 2 charachtar) / tír an dlí rialaithe (ISO 3166 cód tíre 2 charachtar): Luach ainmniúil na n-urrús: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é. Margadhluach na n-urrús: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é.
g	Líon agus luach iomlán na dtreoracha socraíochta in aghaidh íocaíochta móide líon agus margadhluach iomlán na dtreoracha socraíochta “saor ó íocaíocht” nó, mura bhfuil sé sin ar fáil, luach ainmniúil na dtreoracha socraíochta “saor ó íocaíocht” a shocraítear i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag an TLU	Líon na dtreoracha socraíochta a shocraítear i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag an TLU: suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear mar shlánuimhreacha gan deachúlacha. Luach na dtreoracha socraíochta a shocraítear i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag an TLU: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é.
h	Líon agus luach iomlán na dtreoracha socraíochta dá dtagraítear i bpointe g a roinntear mar a leanas: (i) de réir cineálacha ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (d); (ii) de réir thír chorpraithe an rannpháirtí; (iii) de réir thír chorpraithe an eisitheora; (iiia) de réir thír an dlí chorparáidigh rialaithe nó dlí den sórt sin faoina n-eisítear na hionstraimí airgeadais (iv) de réir airgeadra socraíochta; (v) de réir chineál na dtreoracha socraíochta, mar a leanas: (1) treoracha socraíochta “saor ó íocaíocht” ina bhfuil treoracha socraíochta “seachadadh saor ó íocaíocht” agus treoracha socraíochta “faigh saor ó íocaíocht”; (2) treoracha socraíochta “seachadadh in áit íocaíochta” (DVP) agus treoracha socraíochta “faigh roimh íocaíocht” (RVP);	I gcás gach cineáil ionstraime airgeadais (dá dtagraítear i bpointe (d) tír chorpraithe an rannpháirtí (ISO 3166 cód tíre 2 charachtar) / tír chorpraithe an eisitheora (ISO 3166 cód tíre 2 charachtar) / tír an dlí rialaithe (ISO 3166 cód tíre 2 charachtar)/airgeadra socraíochta (ISO 4217 Cód Airgeadra, 3 chód aibítreacha) / cineál na treorach socraíochta (DVP/RVP/DFP/RFP/DWP/RWP/PFOD) / socraíocht in airgead bainc cheannais / airgead bainc tráchtála: Líon na dtreoracha socraíochta a shocraítear i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag an TLU: suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear mar shlánuimhreacha gan deachúlacha. Luach na dtreoracha socraíochta a shocraítear i ngach córas socraíochta urrús arna oibriú ag an TLU: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é.

Pointe	Cineál sonraí	Formáid
	(3) treoracha socraíochta “seachadadh tráth íocaíochta” (DWP) agus treoracha socraíochta “faigh tráth íocaíochta” (RWP); (4) treoracha socraíochta “íocaíocht saor ó sheachadadh”. (vi) i gcás treoracha socraíochta a bhfuil gné airgid acu, trína ndéantar socraíocht airgid thirim i gcomhréir le hAirteagal 40(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 nó i gcomhréir le hAirteagal 40(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014	
i	Líon agus luach na n-idirbheart ceannach isteach dá dtagraítear in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014	Líon na n-idirbheart ceannach isteach: suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear mar shlánuimhreacha gan deachúlacha. Luach na n-idirbheart ceannach isteach: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é.
j	Líon agus méid na bpionós dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 in aghaidh rannpháirtí TLU	I gcás gach rannpháirtí TLU: Líon na bpionós: suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear mar shlánuimhreacha gan deachúlacha. Méid na bpionós: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é.
k	I gcás inarb infheidhme, luach iomlán na n-oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe urrús arna bpróiseáil ag an TLU ag gníomhú di mar ghníomhaire agus mar phríomhaí, de réir mar a bheidh, roinnte de réir chineál na n-ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (d) thuas	I gcás gach cineáil ionstraime airgeadais (dá dtagraítear i bpointe (d)), luach na n-oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe urrús arna bpróiseáil ag: (i) TLU ag gníomhú dó mar ghníomhaire: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é. Ní áirítear an tsiombail dhiúltach, má chuirtear ann é, mar charachtar uimhriúil. (ii) TLU ag gníomhú dó mar phríomhaí: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é. Ní áirítear an tsiombail dhiúltach, má chuirtear ann é, mar charachtar uimhriúil.

Pointe	Cineál sonraí	Formáid
l	Líon agus luach iomlán na dtreoracha socraíochta a shocraítear trí gach nasc idir TLUnna, ina sonraítear an méid seo a leanas: (i) an TLU a bheidh nasctha (a thír chorpraithe, a LEI agus a hainm cuideachta) agus, má oibríonn an TLU roinnt díobh, an córas nasctha socraíochta urrús; (ii) an cineál naisc, mar a leanas: (1) nasc caighdeánach, de réir Airteagal 2(1), pointe (30), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014; (2) nasc saincheaptha, de réir Airteagal 2(1), pointe (31), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, in aghaidh an rannpháirtí; (3) nasc indíreach, de réir Airteagal 2(1), pointe (32), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014; (4) nasc idir-inoibritheach, de réir Airteagal 2(1), pointe (33), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014; (iii) cé acu an TLU is iarrthóir nó an TLU is faighteoir é; chun na críche sin, measfar an TLU is faighteoir a bheith ina TLU a sholáthraíonn an tseirbhís dá dtagraítear i bpointe (1) de Roinn A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.	I gcás gach naisc a shainaithnítear tríd an TLU nasctha (i gcás gach TLU: tír chorpraithe an TLU a bheidh nasctha (ISO 3166 cód tíre 2 charachtar) / ISO 17442 Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) cód ina bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúil / ainm cuideachta) agus an cineál naisc (caighdeánach/saincheaptha/indíreach/idir-inoibritheach): (i) Peirspictíocht an TLU is iarrthóir: An líon treoracha socraíochta a shocraítear tríd an nasc idir TLUnna: suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear mar shlánuimhreacha gan deachúlacha. Luach na dtreoracha socraíochta a shocraítear tríd an nasc sin idir TLUnna: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é. (ii) Peirspictíocht an TLU is faighteoir: An líon treoracha socraíochta a shocraítear tríd an nasc idir TLUnna: suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear mar shlánuimhreacha gan deachúlacha. Luach na dtreoracha socraíochta a shocraítear tríd an nasc sin idir TLUnna: suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é.
m	I gcás inarb infheidhme, luach ráthaíochtaí agus ghealltanais an TLU a bhaineann le hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe urrús	Suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é. Ní áirítear an tsiombail dhiúltach, má chuirtear ann é, mar charachtar uimhriúil.
n	I gcás inarb infheidhme, luach ghníomhaíochtaí cistíochta an TLU lena mbaineann malairt eachtrach agus urrúis inaistrithe a bhaineann le comharduithe fada na rannpháirtithe a bhainistiú lena n-áirítear catagóirí institiúidí a bhfuil a gcomharduithe fada á mbainistiú ag an TLU	Suas le 25 charachtar uimhriúla lena n-áirítear go dtí an cúigiú deachúil. Má tá níos mó ná cúig dhigit i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil. Má chuirtear ann é, léireofar le ponc é. Ní áirítear an tsiombail dhiúltach, má chuirtear ann é, mar charachtar uimhriúil.
o	An líon fadhbanna réitigh a tháinig chun cinn de réir cruthú nó scriosadh míchuí na n-urrús san eisiúint arna coinneáil ar bun ag an TLU a chomhlíon Airteagal 65(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392	suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear mar shlánuimhreacha gan deachúlacha.

Pointe	Cineál sonraí	Formáid
p	Meán, airmheán agus modh na tréimhse ama a thóg sé chun an earráid a sainaithníodh de réir Airteagal 65(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 a leigheas	Meán: suas le 20 carachtar uimhriúil lena n-áirítear deachúlacha (lena sonraítear an tréimhse ama trí úsáid a bhaint as cóid ISO 20022 (DASD / HOUR / MNUT)). Airmheán: suas le 20 carachtar uimhriúil lena n-áirítear deachúlacha (lena sonraítear an tréimhse ama trí úsáid a bhaint as cóid ISO 20022 (DASD / HOUR / MNUT)). Modh: suas le 20 carachtar uimhriúil lena n-áirítear deachúlacha (lena sonraítear an tréimhse ama trí úsáid a bhaint as cóid ISO 20022 (DASD / HOUR / MNUT)).’